



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséal 31.1.2012
COIM(2012) 21 leagan deireanach

2012/0013 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena mbunaítear plan fadtéarmach don stoc trosc agus don iascach a shaothraíonn an stoc sin

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar idirdhealú idir na cumhachtaí arna dtarmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhriachtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe a fhorlónadh nó a leasú sa ghníomh reachtach, mar atá leagtha síos in Airteagal 290(1) den CFAE (gníomhartha tarmligthe), agus na cumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún coinníollacha aonfhoirmeacha a ghlacadh chun gníomhartha de chuid an Aontais atá ina gceangal dlí a chur chun feidhme, mar atá leagtha síos in Airteagal 291(2) den CFAE (gníomhartha cur chun feidhme).

Is í aidhm an togra seo Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 an 18 Nollaig 2008 lena mbunaítear plean fadtéarmach don stoc trosc agus don iascach a shaothraíonn an stoc sin ('an plean trosc') a chur ar chomhréir le rialacha nua an CFAE.

Tá na cumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún ag an Rialachán sin athaicmithe mar bhearta de chineál tarmligthe agus bhearta de chineál cur chun feidhme. Is é bunchuspóir an phlean saothrú inbhuanaithe an stoic trosc i limistéir gheografacha Kattegat, na Mara Thuaidh, Iarthar na hAlban agus Mhuir Éireann a áirithiú ar bhonn uastáirgeachta inbhuanaithe (Airteagal 5(1)). Chun an cuspóir a bhaint amach, sa phlean leagtar síos rialacha maidir le deiseanna iascaireachta bliantúla don stoc seo a bhunú i dtéarmaí na gabhála iomláine incheadaithe agus na huasiarrachta iascaireachta incheadaithe. Leis na rialacha sin úsáidtear paraiméadair theicniúla áirithe ar faoina dtreoir is féidir stádas caomhnaithe an stoic a mheas mar níos fearr nó níos measa, agus mar sin níos gaire nó níos faide ó chuspóir an phlean. Tá na paraiméadair seo eolaíochtbhunaithe; ní rogha beartais iad. Féadfaidh éabhlóidiú agus feabhas teacht ar an eolaíocht, agus ní foláir na forálacha is gá a bheith sa phlean chun a áirithiú go gcoimeádfar é cothrom le dáta leis an eolaíocht is fearr atá ar fáil.

Ar an gcaoi sin, ordaítear in Airteagal 10(1) den Rialachán, más léir i bhfianaise comhairle eolaíche nach iomchuí a thuilleadh na rátaí básmhaireachta iascaireachta agus leibhéal ghaolmhara bhithmhaise an stoic sceite arna n-úsáid chun críocha an phlean, nach foláir don Chomhairle na paraiméadair sin a athbhreithniú lena n-áirithiú gur féidir leis an bplean a chuspóirí bainistíochta a bhaint amach. Leis an Rialachán atá i bhfeidhm, mar sin, tugtar de chumhacht don Chomhairle na heilimintí neamhriachtanacha den phlean a leasú. Ní féidir an nós imeacht cinnteoireachta sin a úsáid níos mó faoin CFAE.

Ar an dul céanna, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha eile de Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 a leasú, amhail paraiméadair theicniúla áirithe d'Iarscríbhinn I, nuair is gá agus ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha dochta atá leagtha síos sa Rialachán sin.

Ba cheart cumhachtaí tarmligthe a thabhairt freisin chun rialacha a bhunú maidir le coigeartú na hiarrachta iascaireachta i gcás ina ndéantar grúpa soitheach a eisiamh ó chóras iarrachta nó a áireamh arís ann; maidir leis an modh chun acmhainn iascaireachta a ríomh; maidir leis an modh chun oiriúnú don uasiarracht iascaireachta incheadaithe; agus maidir le hathruithe ar chomhdhéanamh na limistéar geografach agus na ngrúpálacha innealra.

Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an nós imeachta agus an fhormaid chun faisnéis a tharchur chuig an gCoimisiún a bhunú, agus formáid an cheadúnais speisialta iascaireachta agus liosta na soitheach a shealbhaíonn ceadúnas speisialta.

Sa bhreis sin, ba cheart an nós imeachta cinnteoireachta a leagtar amach in Airteagal 30 a shoiléiriú tar éis don CFAE a theacht i bhfeidhm.

Is ionann na leasuithe atá beartaithe mar sin agus athruithe lenar féidir leis an bplean oibriú go héifeachtúil laistigh den chreat nua cinnteoireachta arna mbunú ag Conradh Liospóin.

I gcomhréir leis an méid thuas táthar tar éis dréacht-togra lena leasófar Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 a ullmhú agus iarrrtar ar an gCoimisiún an togra seo a ghlacadh chomh luath agus is féidir, agus é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa.

2. TORTHAÍ NA gCOMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Ní gá dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ná measúnú tionchair a dhéanamh.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

• Achoimre ar an mbeart atá beartaithe

Is í príomhéirim na gníomhaíochta na cumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún ag Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle a aithint agus iad a aicmiú mar chumhachtaí tarmhligthe nó mar chumhachtaí cur chun feidhme.

• Bunús Dlí

Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

• Prionsabal na coimhdeachta

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

• Prionsabal na comhréireachta

Leis an togra leasaítear bearta atá ann cheana i Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle, mar sin ní thagann ceist phrionsabal na comhréireachta aníos.

• Rogha ionstraime

An ionstraim atá beartaithe:

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ní bheadh modhanna eile iomchuí ar na cúiseanna seo a leanas: Ní foláir Rialachán a leasú le Rialachán eile.

4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Ní bhaineann aon chaiteachas breise Aontais leis an mbeart seo.

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena mbunaítear plan fadtéarmach don stoc trosc agus don iascach a shaothraíonn an stoc sin

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Sa Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena mbunaítear plan fadtéarmach don stoc troisc agus don iascach a shaothraíonn an stoc sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 423/2004² tugtar de chumhacht don Chomhairle na huasrátaí básmhaireachta iascaireachta agus leibhéil ghaolmhara bhithmhaise an stoic sceite a athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh orthu.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh féadfar a thabhairt de chumhacht don Choimisiún eilimintí neamhriachtanacha áirithe gnímh tharmligthe a fhorlíonadh nó a leasú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe.
- (3) Ar mhaithe le heilimintí neamhriachtanacha fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 a leasú nó a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis an méid seo a leanas:
 - athruithe ar na luachanna atá bunaithe do na huasrátaí básmhaireachta iascaireachta agus do leibhéil ghaolmhara bhithmhaise an stoic sceite, nuair atá an spriocráta básmhaireachta iascaireachta sroichte;

¹

² IO L 348, 24.12.2008, lch. 20.

- na rialacha maidir le coigeartú na hiarrachta iascaireachta i gcás ina ndéantar grúpa soitheach a eisiámh ó chóras iarrachta nó a áireamh arís ann;
 - na rialacha maidir leis an modh chun an acmhainn iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 14(3) a ríomh agus chun na huasleibhéil acmhainne a choigeartú i ngeall ar scor buan de gníomhaíochtaí iascaireachta agus aistrithe acmhainne;
 - na rialacha maidir leis an modh ríofa chun an uasiarracht iascaireachta incheadaithe a oiriúnú i leith bainistiú cuótaí;
 - na rialacha maidir leis an modh ríofa chun an uasiarracht iascaireachta incheadaithe a oiriúnú tar éis aistriú iarrachta thar ghrúpaí iarrachta;
 - athruithe ar chomhdhéanamh na limistéar geografach agus na ngrúpálacha innealra atá bunaithe in Iarscríbhinn I.
- (4) Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúchán le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.
- (5) I gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh, chun gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí a chur chun feidhme faoi choinníollach aonfhoirmeacha, tá gníomhartha cur chun feidhme chun cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún.
- (6) Ar mhaithe le coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithítear do chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le rialacha mionsonraithe maidir leis an nós imeachta agus an bhformáid chun faisnéis a éilítear faoin Rialachán seo a tharchur chuig an gCoimisiún, agus formáid an cheadúnais speisialta iascaireachta agus an liosta soitheach a shealbhaíonn an ceadúnas sin. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún³.
- (7) Ba cheart an nós imeachta cinnteoireachta a leagtar amach in Airteagal 30 a shoiléiriú tar éis don Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh teacht i bhfeidhm.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1342/2000 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 mar seo a leanas:

³ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10(1):

‘1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a maidir le hathruithe ar luachanna do na leibhéil arna leagan amach in Airteagal 5(2), 6 agus 7(2), nuair atá an spriocráta básmhaireachta iascaireachta in Airteagal 5(2) sroichte nó i gcás ina léiríonn na sonraí eolaíocha nach bhfuil an sprioc seo, nó íosleibhéil agus leibhéal réamhchúramacha bhithmhaise sceite arna mbunú in Airteagal 6, nó leibhéil na rátaí básmhaireachta iascaireachta arna dtabhairt in Airteagal 7(2), iomchuí níos mó chun riosca íseal ídithe stoic agus uastáirgeacht inbhuanaithe a chothabháil.’

(2) Leasaítear Airteagal 11 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis iomchuí ar fáil gach bliain don Choimisiún chun a shuí go bhfuil na coinníollacha thuas comhlíonta agus go leanfaidh siad de bheith comhlíonta.’

(b) Cuirfear mír 4 agus mír 5 seo a leanas isteach:

‘4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a chun rialacha a leagan síos maidir le coigeartú na hiarrachta iascaireachta i gcás ina ndéantar grúpa soitheach a eisiamh nó a áireamh arís sa chóras iarrachta de bhun Airteagal 11(2) agus i gcás nach gcomhlíonann soitheach na ceanglais arna sonrú sa chinneadh maidir le heisiamh níos mó.

5. Féadfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir leis an nós imeachta agus an bhformáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 11(3) a tharchur chuig an gCoimisiún a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 32(2).’

(3) In Airteagal 14 cuirtear mír 5 isteach mar seo a leanas:

‘5. Déanfaidh na Ballstáit an Coimisiún a choimeád ar an eolas faoin mbonn chun an uasacmhainn iascaireachta a ríomh dá dtagraítear i mír 3 agus faoi aon choigeartuithe i ngeall ar scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta agus aistrithe acmhainne de bhun Airteagal 16(3).’

(4) Cuirtear isteach Airteagal 14a mar a leanas:

‘Airteagal 14a

Cumhachtaí an Choimisiúin

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a chun na rialacha maidir leis an modh chun an acmhainn iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 14(3) a ríomh, a shonrú agus ag coigeartú na leibhéal uasacmhainne i ngeall ar scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta agus aistrithe acmhainne de bhun Airteagal 16(3).

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 32(2), rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas:

(a) formáid an cheadúnais speisialta iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 14(2) agus na nósanna imeachta lena ndéanann na Ballstáit liosta na soitheach a shealbhaíonn an ceadúnas speisialta dá dtagraítear in Airteagal 14(4) a chur ar fáil;

(b) an nós imeachta agus an fhormáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14(5) a tharchur chuig an gCoimisiún.'

(5) In Airteagal 16 cuirtear isteach míreanna 4, 5 agus 6 seo a leanas:

'4. Déanfaidh na Ballstáit an Coimisiún a choimeád ar an eolas faoi aon oiriúnuithe iarrachta i gcomhréir leis an Airteagal seo.

5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a chun rialacha a leagan síos maidir leis an modh ríofa lena gcumasaítear Ballstáit chun an uasiarracht iascaireachta incheadaithe a oiriúnú i ndáil le bainistiú cuótaí.

6. Féadfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir leis an nós imeachta agus an bhformáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 a tharchur chuig an gCoimisiún a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 32(2).'

(6) In Airteagal 17 cuirtear isteach míreanna 6, 7 agus 8 seo a leanas:

'6. Déanfaidh na Ballstáit an Coimisiún a choimeád ar an eolas faoi aon oiriúnuithe iarrachta i gcomhréir leis an Airteagal seo.

7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a chun rialacha a leagan síos maidir leis an modh ríofa lena gcumasaítear Ballstáit chun an uasiarracht iascaireachta incheadaithe a oiriúnú tar éis aistriú iarrachta thar ghrúpaí iarrachta.

8. Féadfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir leis an nós imeachta agus an bhformáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 6 a tharchur chuig an gCoimisiún a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 32(2).'

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 30:

'Airteagal 30

Nós imeachta cinnteoireachta

I gcás ina ndéanann an Rialachán seo foráil maidir le cinntí atá le déanamh ag an gComhairle, gníomhóidh an Chomhairle i gcomhréir leis an gConradh.'

(8) In Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

'Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú ar bhonn na prionsabail seo a leanas:'

(9) Cuirtear isteach Airteagal 31a mar a leanas:

'Airteagal 31a

An tarmligean a fheidhmiú

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 10(1), 11(4), 14(a)(1), 16(5), 17(7) agus 31 a thabhairt go ceann tréimhse éiginnte ama.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 10(1), 11(4), 14(a)(1), 16(5), 17(7) agus 31 a chúlghairm tráth ar bith. I gcás cinnidh maidir le cúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Tíocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ag dáta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ag an am céanna.

5. Ní thíocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagail 10(1), 11(4), 14(a)(1), 16(5), 17(7) agus 31 i bhfeidhm ach amháin mura ndéanann Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.'

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 32:

'Airteagal 32

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste Comhairleach um Iascach agus Dobharshaothrú arna bhunú le hAirteagal 30 de Rialachán (CEE) Uimh. 2371/2002 cúnamh don Choimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa Choiste sin.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*